Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2021
(OR. en)

13993/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0352(NLE)**

MAR 219
OMI 98
ENV 898

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 13495/21 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 32ú Tionól de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le leasuithe ar na Treoirlínte a ghlacadh faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe<br>– *Ráiteas ón gCoimisiún* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón gCoimisiún atá le cur isteach i miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Na leasuithe atá beartaithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe atá le glacadh ag IMO, is leasuithe iad a dhéanfaidh difear do rialacha an Aontais atá ann cheana, sin nó athróidh siad an raon feidhme atá acu Dá réir sin, is faoi scáth inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais atá na leasuithe sin

Thairis sin agus i gcás ar bith, i gcomhréir leis an gcásdlí bunaithe, go háirithe cás C-600/14, níl inniúlacht sheachtrach an Aontais teoranta don inniúlacht eisiach atá aige Seasamh an Aontais arna bhunú i leith na leasuithe beartaithe sin, ní féidir dó a bheith teoranta i dtaca leis an raon feidhme atá acu, agus ní mór a thuiscint gur seasamh é lena gcumhdaítear na leasuithe sin ina n-iomláine

Forchoimeádann an Coimisiún a chuid cearta uile.